# Glór Cheatharlach

## Cruinniú eolais sa Naíonra



**Sona sásta sa Naíonra**

Reachtáilfear cruinniú eolais i Naíonra Cheatharlach anocht, Dé Máirt an 18ú Meitheamh ag 8.00i.n. agus beidh fáilte roimh chách. Tá an Naíonra lonnaithe ins an Ionad Snámha, Gráigchuilinn agus cuirtear oideachas réamhscolaíochta trí mheán na Gaeilge ar fáil ann. Soláthraíonn Naíonra Cheatharlach an bhliain réamhscoile saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige. De réir na scéime áirithe seo cuirtear bliain réamhoideachais ar fáil saor do gach páiste sar a fhreastalaíonn sé/sí ar an mbunscoil.

Feidhmíonn Naíonra Cheatharlach i gcomhar le Glór Cheatharlach agus faoi stiúir an eagrais Forbairt Naíonraí Teoranta a thacaíonn le seirbhísí , cúram agus oideachas a chur chun cinn do pháistí ó aois an chliabháin ar aghaidh.

Is cruinniú oscailte a bheidh i gceist sa Naíonra anocht chun eolas a roinnt le tuismitheoirí faoi mhodh an tsúgartha trí Ghaeilge do pháistí óga. Beidh roinnt aoíchainteoirí ann ina measc Laura Rawdon, Oifigeach Forbartha le Forbairt Naíonraí Teo. Cuirfear fáilte roimh chách.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| cruinniú eolais | information meeting |
| lonnaithe | based |
| réamhscoil | preschool |
| solathraíonn | provides |
| feidhmíonn | operates |
| tacaíonn | supports |
| cúram | care |
| cliabhán | cradle |

## Seachtain na Rósanna in Altamont

Is féidir linn glacadh leis go bhfuil an samhradh ann go hoifigiúil nuair a bhíonn na rósanna faoi bhláth agus flúirseach i nGairdíní Altamont. Ceiliúrfar Seachtain na Rósanna ann an tseachtain seo chugainn ag tosnú ar Dé Luain, 24ú Meitheamh. Is iontach an radharc é. Ilghnéitheacht agus éagsúlacht na rósanna ildaite ag síneadh amach thar ghairdíní gleoite Altamont.

Leanfar leis na himeachtaí go deireadh na seachtaine. Beidh turasanna faoi stiúir phríomhgharraíodóir Altamont, Paul Cutler, ar siúl gach lá ag tosnú ag 2.00 san iarnóin. Tugann Paul agus a chomhgharraíodóirí an-aire do na rósanna atá in Altamont ó aimsir an iarúinéara, Corona North. Chomh maith leis an mbailiúchán de rósanna atá ag fás ins na gairdíní tá rogha leathan de phlandaí ar díol agus margadh speisialta san áireamh i rith Sheachtain na Rósanna.Tá cead isteach saor in aisce chuig Gairdíní Altamont, a chlúdaíonn 40 achar ar fad, am ar bith ó 9.00 ar maidin go 6.30i.n. ach tá táille €2 chun dul ar an turas treoraithe. I gcás grúpaí móra áfach ní foláir clárú roimhré.

Tá gach eolas ar fáil ach glaoch a chur ar 059 9159444 nó dul ar www.carlowgardentrail.com . Bain taitneamh as do chuairt chuig Altamont agus cuir fáilte go hoifigiúil roimh shéasúr an tsamhraidh.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| gairdíní | gardens |
| faoi bhláth | in bloom |
| flúirseach | plentiful |
| radharc | view |
| ilghnéitheacht | diversity |
| éagsúlacht | variety |
| ildaite | multicoloured |
| turas treoraithe | guided tour |
| garraíodóirí | gardeners |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Gradam Gaelchultúir don Mhúsaem

D'éirigh go hiontach leis an gcéad turas treoraithe as Gaeilge ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach a eagraíodh an tseachtain seo caite. Bhain suas le fiche duine faoi stiúir an treoraí Seán Mac Diarmada an-taitneamh as an turas. Léiríodh suim faoi leith ins an Siopa, an Chistin, an Ceárta agus an Teach Tábhairne atá tógtha ar an mbunurlár. Agus ba léir go ndeachaigh an cúinne faoin gComhlacht Siúcra agus gach a bhain leis an monarcha cháiliúil i bhfeidhm go mór ar gach éinne.

Mhair an turas ar feadh breis is uair a chloig ag díriú ar stair Chlochar na Toirbhirte ina bhfuil an músaem lonnaithe, daoine áitiúla idir bheo agus marbh a bhain clú agus cáil amach dóibh féin, puilpéid na hArdeaglaise, na lámhdhéantúsáin a tógadh aníos ón gcré agus tochailt seandálaíochta áitiúil ar siúl nuair a bhí an seachbhóthar don mótarbhealach M9 á thógáil agus tuilleadh. Chríochnaigh an turas ag an taispeántas a cheiliúrann daichead bliain ó bhuaigh an rothaí áitiúil Mike O'Donoghue an Rás Tailteann sa bhliain 1973.

Is acmhainn iontach é an músaem agus mar aitheantas ar an gcomharthaíocht eolais atá go flúirseach as Gaeilge ar fud an ionaid tá gradam speisialta bainte amach ag Músaem Chontae Cheatharlach. Ag críoch an turais ghhlac Nóirín Uí Fhaoláin, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, le Gradam Gaelchultúr 2012-'13 ó Emma Uí Bhroin, Glór Cheatharlach don Tarraingt Turasóireacht Nua Dhátheangach is fearr. Bhronn Emma an gradam thar cheann Darren Ó Rodaigh, Stiúrthóir Ghaelchultúr Teo - an comhlacht a chuireann cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge ar an gcaighdeán is airde ar fáil don earnáil phoiblí agus don earnáil phriobháideach in Éirinn, agus atá dírithe chomh maith ar dhaoine fásta ar fud na cruinne a bhfuil spéis acu sa teanga.



**Gradam don Mhúsaem. Sa phictiúr tá Diarmuid Ó Maologáin, Coiméadaí an Mhúsaeim; Eibhlín de Bróithe, Cathaoirleach Chomhairle Bhaile Cheatharlach; Nóirín Uí Fhaoláin, Cathaoirleach Bhord Músaem Chontae Cheatharlach; Emma Uí Bhroin, Oifigeach Forbartha Glór Cheatharlach agus Seán Mac Diarmada, Oifigeach Foirne, Músaem Chontae Cheatharlach.**

Tá an músaem ar oscailt seacht lá na seachtaine, Luan go Satharn ó 10.00r.n. go 5.00i.n. agus gach Domhnach ó 2.00- 4:30 i.n. B'fhiú bualadh isteach. Níl aon taille.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| bunurlár | ground floor |
| cúinne | corner |
| monarcha | factory |
| clú agus cáil | fame and fortune |
| puilpéid | pulpit |
| clochar | convent |
| lámhdhéantúsáin | artefacts |
| tochailt | dig |
| seandálaíochta | archaeological |
| gradam | award |
| tarraingt | attraction |

# Corn Peile Ghlór na nGael

Reachtáladh Comórtais Chorn Peile Ghlór na nGael 2013 i bPáirc Uí Bhriain, Éire Óg le déanaí. Eagraithe gach bliain ag Glór Cheatharlach ó 1996 anuas, bíonn an comórtas bliantúil seo teoranta do dhaltaí i rang a cúig nó faoi. Tugann na cluichí deis iontach do na daltaí óga idir chailíní agus buachaillí a gcuid scileanna a chleachtadh ag deireadh na scoilbhliana. Léiríodh an-suim sa chomórtas arís i mbliana agus tháinig foirne ó scoileanna timpeall an cheantair le chéile chun dul in iomaíocht don Chorn.

Ar an Mháirt, 4ú Meitheamh a imríodh comórtas na gcailíní. Thángadar ó Scoil Mhuire gan Smál, Beann na gCaorach, Gaelscoil Cheatharlach agus Scoil Fiacc. Eagraíodh an comórtas i bhfoirm bliotz le gach foireann ag imirt a chéile. Mar a tharla sé bhí foireann an-láidir ag Scoil Fiacc i mbliana. Bhuadar a dtrí chluiche go héasca agus bronnadh Corn Ghlór na nGael ar chaptaen na foirne Kamila Szydio. Cailíní na Gaelscoile a thainig sa dara háit le Deirbhile Ní Cheallaigh, Sophie Ní Chatháin, Chloe Ní Dhúill agus Aoibhinn Ní Cheallaigh ag imirt go han-mhaith dóibh. Bhí Celine Baptiste go maith do Scoil Mhuire gan Smál chomh maith le Robyn Purcer a scóráil an t-aon chúl i rith an trathnóna i gcoinne cailíní Scoil Fiacc. I measc na réalta do Bheann na gCaorach bhí Kayleigh Ní Cheallaigh, Niamh Ní Chrualaoich agus Ciara Nic Giollaphádraig.

Imríodh comórtas na mbuachaillí an lá dar gcionn, Dé Céadaoin, 5ú Meitheamh agus don dara lá as a chéile ní raibh scamall sa spear agus bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Ní raibh aon ghearán ag na buachaillí áfach agus d'imir siad ar a seacht ndícheall cluiche i ndiaidh chluiche. Bhí dhá roinn i gceist leis na foirne is laidre i Roinn 1 ina raibh Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Gaelscoil Cheatharlach, Beann na gCaorach agus Scoil an Teaghlaigh Naofa, Easca. Imríodh an comórtas i bhfoirm bliots agus mar is gnáthach bhí Scoil an Easboig Uí Fhoghlú chun tosaigh i gcónaí. Bronnadh Corn na mBuachaillí ar an gcaptaen Ben Ó Dhurthuile. I measc na réalta don Ghaelscoil a tháinig sa dara háit bhí Diego Lopez Ó Ceallaigh and Antóin Céitinn. D'imir Seosamh Ó Dóráin, Tim Ó Faoláin agus Roibeard Ó Neachtain go maith do bhuachaillí Easca agus chun tosaigh do Bheann na gCaorach bhí Darren de Búrca, Cillian Ó Duibh, Seán Mac Eochagáin, Brian Mac Mathúna agus Ciarán Ó hEacháin.

Trí fhoireann ó Scoil Naomh Fiacc, Baile Haicéad agus Gaelscoil Cheatharlach a bhí in iomaíocht i Roinn 2 na mbuachaillí agus tar éis na babhtaí cáilithe b'éigean dul I muinín na scóranna chun teach tar na foirne don chraobh. B'iad san Gaelscoil Cheatharlach agus Baile Haicéad. Cluiche an-mhaith a bhí ann le caighdeán an-ard peile ón dá fhoireann ach is ag Baile Haicéad a bhí an lá. Ghlac an captaen Conor Ó Mórdha le háthas le Sciath Ghlór na nGael agus d'imir Oisín Ó Dúill, Seán and Oisín Ó Maoilmhána dóibh. Bhí Lee Ó Nualláin agus Sean Ó Maolchathail ar fheabhas do Scoil Fiacc. Ciarán Ó Tiomáin agus Fiachra Mac Giollaphádraig na himreoirí ab fhearr don Ghaelscoil leis an cúlbáire Evan Ó Ciaráin an-éifeachtach idir na maidí.

Sé chluiche déag san iomlán, breis is céad imreoirí ar na páirceanna peile agus trí chomórtas an-mhaith thar dhá iarnóin samhraidh agus bhí gach éinne an-sásta le Corn Peile Ghlór na nGael 2013. Rinne Glór Cheatharlach comhghháirdeas leis na peileadóirí uile agus gabhadh buíochas leis na réiteoirí Seán Ó Ciaráin, Breandán Ó hÉideáin agus Pádraig Mac Eochaidh chomh maith leis na múinteoirí agus na tuismitheoirí a bhí gnóthach ar na taobhlínte.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| eagraithe | organised |
| iomaíocht | competing |
| babhtaí | rounds |
| caighdeán | standard |
| imreoirí | players |
| peileadóirí | footballers |
| réalta | stars |
| ar fheabhas | excellent |
| sciath | shield |